# FORAS NA GAEILGE

## SOCRUITHE MAIDIR LE SCEITHIREACHT
## DEIREADH FÓMHAIR 2023

**Intreoir**

Féadfaidh ábhar buartha a bheith ag gach aon duine againn ó am go chéile faoina bhfuil ar siúl ag an obair. Mar sin féin, nuair a bhaineann sé le hiompraíocht neamhdhleathach, calaois fhéideartha nó baol don phobal nó don chomhshaol, nó míchleachtas tromchúiseach eile, is féidir leis a bheith deacair fios a bheith agat cad é atá le déanamh.

D’fhéadfá a bheith buartha faoina leithéid de bhuairt a lua agus d’fhéadfá a shíleadh gur fearr í a choinneáil agat féin, den tuairim, b’fhéidir, nach mbaineann sé le do ghnó nó nach bhfuil ann ach amhras. D’fhéadfá a bheith den tuairim go mbeadh sé mídhílis do chomhghleacaithe, do bhainisteoirí agus d'Fhoras na Gaeilge an t-ábhar a lua. D’fhéadfá a shocrú rud éigin a rá ach a fháil amach gur labhair tú leis an duine contráilte nó gur tharraing tú an cheist anuas an dóigh chontráilte agus nach bhfuil tú cinnte cad é atá le déanamh ina dhiaidh sin. Is fiú a dhearbhú freisin go mbaineann cosaintí agus forálacha an achta 2022 ó dheas le páirtithe leasmhara áirithe eile anois faoi chúinsí áirithe, ina measc comhaltaí boird, conraitheoirí agus iarrthóirí poist.

Is é is aidhm do na socruithe seo a athdheimhniú duit go bhfuil sé sábháilte agus inghlactha labhairt amach. Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh oscailteacht agus macántacht agus tuigtear gur ar mhaithe leis an eagraíocht agus an fhoireann ar aon atá na socruithe seo i bhfeidhm. Cuireann siad ar do chumas chomh maith do bhuairt a tharraingt anuas faoina leithéid de mhíchleachtas go luath agus sa dóigh cheart.

Seachas fanacht le cruthú, b’fhearr linn dá dtarraingeofá an cheist anuas nuair is buairt go fóill í.

Má tá rud éigin ag cur as duit agus más dóigh leat gur chóir dúinne a bheith ar an eolas faoi nó é a fhiosrú, cuir in iúl dúinn le do thoil. Ach (d’fhostaithe) más mian leat gearán a dhéanamh faoi d'fhostaíocht féin nó faoi mar a pléadh leat, úsáid na modhanna oibre cuí maidir le caidreamh tionsclaíoch.

Tá na socruithe seo maidir le sceithireacht curtha i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge le go dtarraingeoidh tú aon bhuairt anuas ina bhfuil leas daoine eile nó leas na heagraíochta i mbaol. Tá soiléiriú air seo le fáil ag:

- http://www.irishstatutebook.ie/2014/en/act/pub/0014/sec0005.html#part2
- https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/27/enacted/en/index.html#
- http://www.legislation.gov.uk/nisi/1998/1763/article/3/made

**Má bhaineann do bhuairt le calaois fhéideartha, d’fhéadfadh sé gur mhaith leat tagairt dár Ráiteas Polasaí maidir le Calaois agus Plean Freagairte Calaoise**, ar féidir iad a fháil ar suíomh ghréasáin Fhoras na Gaeilge ag http://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/eolas-corparaideach/caipeisi-corparaideacha/polasaithe/.

Má tá tú in amhras, luaigh é!

**Ár ndearbhuithe duitse**

**Do shábháilteacht**

Tá Foras na Gaeilge tiomanta dó go mbeidh sceithireacht éifeachtach. Má tharraingíonn tú anuas fíorábhar buartha de réir na socruithe seo, ní bheidh baol ann duit do phost a chailleadh nó ní imreofar aon díoltas ort dá thoradh.

**Intinn mhaith**

A fhad is go ndéanann tú é le hintinn mhaith, is cuma má tá dul amú ort. Ar ndóigh, ní bhaineann an dearbhú seo le duine a tharraingíonn anuas ábhar go mailíseach agus a fhios acu nach bhfuil sé fíor, nó is mór idir sin agus meancóg a dhéanamh. Mar

sin féin, ní bheidh cosaint acht 2014 ná 2022 ag daoine a dhéanann nochtadh cosanta mura bhfuil creidiúint réasúnta acu go bhfuil éagóir déanta, agus is féidir go ndéanfar gníomh smachta in éadan daoine sa chás sin.

**Rúndacht**

Ní ghlacfaidh Foras na Gaeilge le ciapadh ná íospairt ar aon duine a tharraingíonn anuas fíorbhuairt agus leis na dearbhuithe seo tá súil againn go dtarraingeoidh anuas tú buairt go hoscailte. Mar sin féin, aithnímid go bhféadfadh tosca a bheith ann nuair ab fhearr leat labhairt le duine éigin faoi rún ar dtús. Más amhlaidh seo, abair sin ag an tús. Má iarrann tú orainn gan a nochtadh cé tú féin, ní dhéanfaimid sin gan do chead ach amháin ceangal dlí a bheith orainn. Ba chóir duit a thuiscint go bhféadfadh sé go mbeidh amanna ann nach mbeimid in ann do bhuairt a réiteach gan a nochtadh cé tú féin, mar shampla sa chás go bhfuil d'fhaisnéis phearsanta riachtanach. I gcásanna dá leithéid, pléifimid leat cé acu an féidir leanúint ar aghaidh leis an ábhar agus an dóigh is fearr le sin a dhéanamh.

**Neamhainmníocht**

Le pé saincheist a d'ardófaí a fhiosrú, bheadh sé ina chabhair sa ghnáthshlí dá gcuirfí in iúl cé atá ag nochtadh an eolais, go háirithe chun breis eolais nó soiléirithe a fháil, ach fiosrófar a oiread agus is féidir gach nochtadh 'gan ainm' chomh maith. Ní nochtófar ainm an nochtóra féin le linn an phróisis ach amháin má tá sé sin iomlán riachtanach leis an tsaincheist a fhiosrú agus ní dhéanfar é sin gan cead a bheith faighte uaidh/uaithi roimh ré. Is feall smachta é ainm an nochtóra a nochtadh gan an cead sin. Dá réir sin, cé go mbreithneoimid tuairiscí gan ainm, níl na socruithe seo oiriúnach le plé le buarthaí a tharraingítear anuas gan ainm.

Mura bhfuil tú cinnte faoi ábhar buartha a tharraingt anuas thig leat comhairle neamhspleách a fháil ó Public Concern at Work (www.pcaw.co.uk) i dTuaisceart Éireann nó ón gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta (https://www.opdc.ie/index.xml?&Language=ga) i bPoblacht na hÉireann, agus ó do cheardchumann nó grúpa ionadaíochta foirne.

**An dóigh le buairt a tharraingt anuas go hinmheánach**

Cuimhnigh, le do thoil, nach gá duit fianaise dhaingean mhíchleachtais a bheith agat sula dtarraingíonn tú anuas buairt. Mar sin féin iarraimid ort a mhíniú chomh hiomlán agus is féidir leat an t-eolas nó na tosca as ar éirigh do bhuairt.

**Cad is éagóir ábhartha ann?**

Tá roinnt samplaí thíos de nithe a d'fhéadfaí a áireamh mar éagóir ábhartha:

1. Coir;
2. Duine gan cloí le hoibleagáid, seachas oibleagáid a bhaineann le conradh fostaíochta oibrí, nó conradh eile faoina dtugann oibrí go pearsanta faoi sheirbhís a sholáthar nó obair a dhéanamh;
3. Iomrall ceartais;
4. Contúirt do shábháilteacht nó do shláinte duine;
5. Dochar don chomhshaol;
6. Úsáid mhídhleathach nó mhíchuí airgead comhlachta phoiblí, a acmhainní, nó airgid phoiblí eile;
7. Gníomh nó neamhghníomh de chuid comhlachta phoiblí nó thar a cheann, atá leatromach, an-fhaillíoch nó a bheadh le háireamh mar mhíbhainistíocht thromchúiseach; nó
8. Eolas a léiríonn nó a bhféadfaí a thuiscint uaidh go bhfuil ábhar ar bith a bhaineann leis na nithe thuas ceilte nó scriosta, á scriosadh nó á cheileadh nó go bhfuil an chosúlacht ann go scriosfaí nó go gceilfí é.

**Cainéal soiléir aitheanta maidir le tuairisciú**

**Céim a haon**

Má tá buairt agat faoi mhíchleachtas, tá súil againn go mothóidh tú go bhfuil tú in ann í a tharraingt anuas le do bhainisteoir líne nó lena mbainisteoir díreach siúd. Is féidir seo a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn. Ba chóir deis chuí a thabhairt do do bhainisteoir líne freagraí a thabhairt duit ar cheisteanna atá ardaithe agat.

**Céim a dó**

Má mhothaíonn tú, ar cibé cúis, nach bhfuil sé oiriúnach í a tharraingt anuas le do bhainisteoir líne nó a mbainisteoir díreach siúd, nó nár oibrigh sin, tarraing an t-ábhar anuas le do chlárbhainisteoir nó le duine dá leanas:

- An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, ([01]6398400, soheidhin@forasnagaeilge.ie)
- An Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, ([028] 90890970, pdeeds@forasnagaeilge.ie)
- An Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha, ([01]6398400, bmaccraith@forasnagaeilge.ie)
- An Stiúrthóir Seirbhísí Foclóireachta, Foilsitheoireachta agus Téarmaíochta (074)9560113, enichorrain@forasnagaeilge.ie)

Má tá tú ag iarraidh an t-ábhar a tharraingt anuas faoi rún, abair sin le do thoil ag an tús ionas gur féidir socruithe cuí a dhéanamh. Tá freagracht ar leith ar agus oiliúint tugtha do na daoine seo maidir le plé le buarthaí sceithireachta.
Ar mhaithe le simplíocht agus soiléireacht, is é an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha thuasluaite an duine a bhfuil an phríomhfhreagracht air plé le nochtadh eolais san eagraíocht.

**Céim a trí**

Má leanadh na cainéil seo agus má chreideann tú go bhfuil riosca leanúnach ann, nó i gcás páirtí nach fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge iad atá clúdaithe faoi acht 2022, nó más dóigh leat go bhfuil an t-ábhar chomh dáiríre sin nach dtig leat é a phlé le duine ar bith de na daoine thuasluaite, thig leat é a tharraingt anuas go díreach le:

- An Príomhfheidhmeannach, Seán Ó Coinn ([01] 6398400 socoinn@forasnagaeilge.ie)
- An Cathaoirleach, Regina Uí Chollatáin (comhalta1@forasnagaeilge.ie)
- Cathaoirleach an Choiste Iniúchta, Kevin Ó hEadhra (comhalta2@forasnagaeilge.ie)

Féach chomh maith an mhír faoi **Nochtuithe Seachtracha** thíos.

**An dóigh láimhseálfaimid an t-ábhar**

I ndiaidh duit insint dúinn faoi do bhuairt, fiosróidh Foras na Gaeilge í lena mheas ar dtús cén gníomh is gá a dhéanamh. D'fhéadfadh sé go mbeadh athbhreithniú neamhfhoirmiúil, fiosrúchán inmheánach nó fiosrúchán níos foirmiúla i gceist leis seo. Má shocraítear go bhfuil fiosrúchán foirmiúil riachtanach beidh freagracht fhoriomlán as an bhfiosrúchán ar an bPríomhfheidhmeannach, Cathaoirleach nó ball ainmnithe an bhoird. Cuirfear oifigigh shinsearacha sna ranna urraíochta ar an eolas a luaithe is atá fiosrúchán foirmiúil ar bun. I gcás ar bith, inseoimid duit cé atá ag plé leis an ábhar, cad é mar is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis nó léi, na hamscálaí a bhaineann leis an gcur chuige agus cé acu arbh fhéidir tuilleadh cabhrach uait a bheith de dhíth. Má iarrann tú é, scríobhfaimid chugat ag achoimriú do bhuartha agus ag leagan amach cad é mar is rún dúinn plé léi.

Nuair a tharraingíonn tú an bhuairt anuas d'fhéadfadh sé go n-iarrfar ort cad é mar is dóigh leat is fearr a réiteofaí an t-ábhar. Má tá aon leas pearsanta agat san ábhar, iarraimid ort a insint dúinn ag an tús. Más oiriúnaí do do bhuairt a bheith faoi nós imeachta casaoide go ginearálta inseoimid duit.

Tabharfaidh Foras na Gaeilge an oiread aiseolais duit agus is féidir go cuí, agus, má lorgaítear é, deimhneoimid é i scríbhinn. Ach d'fhéadfadh sé nach mbeimid in ann a insint duit go díreach cén gníomh a dhéanaimid sa chás go gcuirfeadh seo isteach ar dhualgas rúndachta atá orainn i leith duine éigin eile.

**Comhairle neamhspleách**

Mura bhfuil tú cinnte cé acu an dtarraingeoidh tú buairt anuas nó cad é mar a dhéanfaidh tú é nó an bhfuil tú ag iarraidh comhairle faoi rún ag céim ar bith, féadfaidh tú, ar ndóigh, teagmháil a dhéanamh le do cheardchumann. Má bhaineann d'fhiosrú leis an Deisceart féadfaidh tú chomh maith teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta ag https://www.opdc.ie/index.xml?&Language=ga. Má bhaineann d'fhiosrú leis an Tuaisceart, tá an carthanas neamhspleách Public Concern at Work ann ar (020) 7404 6609 nó ar ríomhphost ag helpline@pcaw.co.uk. Is féidir lena ndlíodóirí labhairt leat

maidir le do roghanna agus cuidiú leat buairt a tharraingt anuas faoi mhíchleachtas ag an obair. Le haghaidh tuilleadh eolais, féadfaidh tú dul chuig a suíomh gréasáin ag www.pcaw.co.uk.

**Nochtuithe seachtracha**

Cé go bhfuil súil ag Foras na Gaeilge go bhfuil an dearbhú tugtha duit againn atá uait le do bhuairt a tharraingt anuas go hinmheánach linn, aithnímid go bhféadfadh tosca a bheith ann go bhféadfaidh tú buairt a thuairisciú go cuí do pháirtí seachtrach. Go deimhin, tá sé tábhachtach dúinn nach gcoinnítear calaois ina rún agus b'fhearr linn tú ábhar a tharraingt anuas leis an rialaitheoir cuí – na ranna coimircíochta, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann, mar shampla – seachas gan é a dhéanamh ar chor ar bith. Beidh an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta nó *Public Concern at Work* agus/nó do cheardchumann in ann comhairle a thabhairt duit ar rogha mar sin agus ar na tosca ina bhféadfá teagmháil a dhéanamh le heagras seachtrach go sábháilte. I gcásanna eisceachtúla d'fhéadfadh sé teacht i gceist go mbeadh nochtadh seachtrach cuí faoin reachtaíocht sa dá dhlínse agus tá na cúinsí sin leagtha amach sna sleachta seo thíos:

http://www.legislation.gov.uk/nisi/1998/1763/article/3/made
http://www.irishstatutebook.ie/2014/en/act/pub/0014/sec0005.html#part2
https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/27/enacted/en/index.html#

**Conclúid**

Cé nach féidir le Foras na Gaeilge urrús a thabhairt go dtabharfaimid freagairt ar gach ábhar sa dóigh a bhféadfá a iarraidh, tá muid ag dréim leis an ábhar a láimhseáil go cothrom agus go cuí. Ach na socruithe sceithireachta seo a úsáid cuideoidh tú linn seo a bhaint amach.

Tabhair do d’aire, le do thoil, go bhfuil an doiciméad seo forbartha leis an gcleachtas is fearr a chomhlíonadh sa dá dhlínse ina bhfuil Foras na Gaeilge ag feidhmiú agus go gcloíonn sé leis an reachtaíocht ábhartha, ó thuaidh agus ó dheas, arb í faoi seach an tOrdú um Nochtadh Leasa Phoiblí (TÉ) (*The Public Interest Disclosure (NI) Order*) 1998 ó thuaidh, a chuireann cosaint fostaíochta ar fáil don sceithireacht agus, ó dheas, na hAchtanna um Nochtadh Cosanta (*Protected Discosure Acts*) 2014 agus 2022, agus Alt 5 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, a chuireann cosaint chomhchosúil ar fáil. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an dlí, féach:

http://www.opsi.gov.uk/si/si1998/19981763.html
http://www.irishstatutebook.ie/2014/en/act/pub/0014/
https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/27/enacted/en/index.html#
http://www.irishstatutebook.ie/2001/en/act/pub/0031/index.htm

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí seo**. Tarlóidh an chéad athbhreithniú eile i mí Dheireadh Fómhair 2024.**

**Faomhadh an leagan seo ar an 16 Deireadh Fómhair 2023.**